

Logainmneacha agus Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas



Comhairle Contae Átha Cliath Theas

Halla an Chontae, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24

An tIonad Cathartha, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22

Fón: 01 414 9000

www.athcliaththeas.ie

Ríomhphost: cccounter@sdblincoco.ie

Nó seol SMS:

Cuir téacs "ccounter" agus do theachtaireacht chuig 086 1731707

Saoráid fiosrúcháin ar líne 24/7 do chustaiméirí

Clár

Nóta Buíochais	X
Reamhrá le Pádraig Ó Cearbhaill agus Sara Ní Chonchúir	X
Logainmneacha agus Sráidainmneacha	X
Pairceanna	X
Eastáit Tionscail, Ionaid Siopadóireachta, Scoileanna, Árasáin agus araile	X



Nóta Buíochais

Tá súil ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas go dtabharfaidh an foilseachán seo ina bhfuil logainmneacha an Chontae spreagadh do na daoine a chónaíonn agus a oibríonn sa Chontae le go n-úsáidfí siad na logainmneacha atá á gcur ar fáil i nGaeilge agus le go mbeidh iontaoibh acu astu. Is cóir go gcuideodh an leabhar seo le comhionannas a bheith idir leaganacha Gaeilge agus Béarla na logainmneacha ar fud fad an Chontae.

Tá stair agus oidhreacht an chontae fite fuaithe go soiléir sna logainmneacha Gaeilge agus níor mhór dá bhrí sin iad a chaomhnú. Tugann na logainmneacha atá againn léargas an-mhaith dúinn ar a bhfuil de shuibhreas ó thaobh na staire de i gContae Átha Cliath Theas.

B'iontach an deis a bhí ann do Chomhairle Contae Átha Cliath Theas logainmneacha uile an chontae a chur ar taifead go hoifigiúil.

Is líon le háireamh na daoine go léir a d'oibrigh go dian dícheallach ag cur an eolais seo i dtoll a chéile agus ag tiomsú liosta cuimsitheach de na logainmneacha Gaeilge agus Béarla go léir atá sa chontae.

Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le foireann an Choimisiúin Logainmneacha, leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus go mór mór le Dónall Mac Giolla Easpaig, An Príomhoifigeach Logainmneacha. Táimid go mór faoi chomaoin ag an Dr. Pádraig Ó Cearbhaill, Ard-Oifigeach Logainmneacha agus ag Sara Ní Chonchúir beirt a chaith dua agus dúthracht le liosta na logainmneacha agus a thug forléargas ar stair agus logainmneacha Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin le John O Connor, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, a d'oibrigh go dlúth leis An gCoimisiún Logainmneacha, An Post agus Comhairle Contae Átha Cliath Theas le go bhféadfaí an foilseachán seo a chur i gcrích.

B'iontach an lear oibre a rinneadh anseo i gComhairle Contae Átha Cliath Theas le go bhféadfaí an leabhar seo a thabhairt amach agus ba mhaith linn an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil leis an bhfoireann go léir a raibh lámh acu ann, go háirithe Niall Hayden agus John Powers as Rannóg na mBóithre.

Tá an foilseachán seo ar fáil ar www.southdublin.ie agus is féidir cóipeanna saor in aisce a fháil ach teagmháil a dhéanamh le hOifig na Gaeilge, Comhairle Contae Átha Cliath Theas, Halla na Cathrach, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, Gaeilge@sdublincoco.ie nó 01 414 9000.



Pádraig Ó Cearbhaill (le cúnamh ó Sara Ní Chonchúir)

Réamhrá é seo a leanas atá ag gabháil le liosta dátheangach de na sráidainmneacha atá i ndlíne áitiúil Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. D'ullmhaigh Suirbhéireacht Ordanáis Éireann an liosta iomlán de na hainmneacha Béarla i dtús báire go leictreonach agus rinne An Brainse Logainmneacha, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta taighde ar na leaganacha Gaeilge de na hainmneacha. Is é an bhrí atá le 'sráidainmneacha' san alt seo ná ainmneacha eastát tithíochta, bloc árasán, bóithre agus sráideanna mar aon le hainmneacha áitiúla eile atá sa cheantar. Freagraíonn Baile Átha Cliath Theas ar an mórchóir don dá sheanbharúntacht riaracháin, An Caisleán Nua agus An Chrois Uachtarach. Seo é an cur síos a thugtar ar fhairsinge an réigiúin ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas: 'Tá sléibhte Bhaile Átha Cliath ar an teorainn theas agus síneann sé ón Life i Leamhcán trí Bhaile Phámar, Cluain Dolcáin agus ó dheas go dtí An Caisleán Nua, Ráth Cúil agus Teach Sagard. Tá Tamhlacht Thiar, Theas agus Láir ann agus síneann sé soir go Teach Mealóg agus go Ráth Fearnáin.'

Pléifidh mé le roinnt de logainmneacha stairiúla an cheantair, ainmneacha bailte fearainn agus paróistí chomh maith le sráidainmneacha. Tá úsáid bainte as breis is ceithre fichid ainm bailte fearainn agus paróistí i sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas agus is minic a úsáidtear iad i réimse de shráidainmneacha - mar shampla, Céide na hEascrach, Gléib, Lána, Plásóga, Lóiste na hEascrach, Cúirt Chluain na hEascrach, Cúirt Choill na hEascrach agus araile. Is as an bhfocal Gaeilge eiscir, a bhfuil an bhrí 'cnocán gairbhéil' leis, a eascraíonn an focal deiridh sna logainmneacha atá díreach luaite agam. Ainm paróiste mheánaoisigh is ea Eiscir. Tá sé suite le hais Leamhcáin agus is é an túsfhocal é fairis sin in ainmneacha dhá bhaile fearainn sa pharóiste, Eiscir Thuaidh agus Eiscir Theas. Sa chás seo is focal amháin atá sa bhunlogainm, focal atá intuigthe fós. Is eol dúinn ó fhoinis eaglasta go raibh Eskyr in úsáid chomh fada siar leis an dara haois déag. Ó tharla go dtuigtear gurb é an ceann thoir d'Eiscir Riada a bhfuil clú agus cáil uirthi í an 'eiscir' seo, is í is bun le sraith nua de logainmneacha i Leamhcán, Corrán, Céide, Garrán agus Bóthar Chaisleán Riada.

Tá logainmneacha eile ann, ar chuma Eiscir, nach bhfuil iontu ach focal amháin agus atá le fáil sna luathfhoinis, mar shampla paróiste agus baile fearainn na Craobhaí (An Chraobhach san ainmneach), atá suite ar shleasa shléibhte Bhaile Átha Cliath. Tá 'Ecclesia de Creuach', cuir i gcás, ar taifead in Crede Mihi, luathchlár Ardeaspag Bhaile Átha Cliath. Tagraítear don bhunainm Gaeilge, An Chraobhach, i ndán a cumadh sa dara leath den séú haois déag ina n-adhmholtar an chreach a thug Aodh mac Seaáin Ó Broin, taoiseach chríoch Ghabhal Raghnuill i gCo. Chill Mhantáin, leis as áiteanna éagsúla i ndeisceart Co. Bhaile Átha Cliath agus as áiteanna eile chomh maith. Áit chraobhach, nó áit faoi chrainn, is brí leis an ainm.



Sampla eile de logainm a théann siar i bhfad agus gan aon fhocal á cháiliú, is ea Tamhlacht (Tamlachta tráth dá raibh) i nGaeilge, an mhainistir cháiliúil a bhunaigh Maolruain (Máel-Rúain tráth) a bhásaigh sa bhliain 792. Tá roinnt áiteanna éagsúla ann ar a nglaoitear Tamhlacht agus creidtear go seasann sé d'ionad adhlactha réamhChríostaí. Tá sé le tuiscint as taighde a rinne An Brainse Logainmneacha go mb'fhéidir go bhfuil an focal Tamhlacht in ainm an bhaile fearainn Rowlagh atá ó dheas ó Bhaile Phámar (in aice le Séipéal Iosóid). Bhíodh sé i seilbh Ospidéal Naomh Eoin Baiste a bhunaigh Ailred 'Palmerus', buafhocal atá beo fós sa logainm Baile Phámar. Dealraíonn sé gur athscríobh ar an leagan Gaeilge Rua-Thamhlacht (a ndearna Rualach de) iad na samplaí luatha de Rowlagh, ar nós Rouelachteg agus Roueholachteig atá ann ó thart ar 1190 agus atá ar fáil i gClár an Ospidéil réamhluaithe (Register of the Hospital of S. John the Baptist).

Is cinnte gur seanainm é (An) Dothra, cé nach léir a bhrí. Ritheann an abhainn le hais Bhóthar na Bruine. Is ionann bruíon ('hostel') an logainm dheireanaigh agus Bruiden Da Derga agus cuirtear síos ar an toghail a rinneadh uirthi i seanscéal cáiliúil Gaeilge. De réir an scéil sin bhí an Dothra ag rith tríd an mbruíon féin.

Logainm eile is ea Sceach nach bhfuil ann ach focal amháin; sin ainm baile fearainn atá ar theorainn Co. Chill Dara, i bParóiste an Chaisleáin Nua. Tá sé le fáil i bhfoinsí luatha freisin agus é cáilithe ag ainm pearsanta. Sna nótaí a cuireadh le Féilire Aonghasa timpeall is an t-aonú haois déag - i Mainistir Thamhlachta a rinne Aonghas mac Aonghobhann, dalta Mhaolruain, an féilire bunaidh úd i véarsaíocht shiollach thart ar 800 - scríobhadh, gur maraíodh duine áirithe darbh ainm Conlaed, príomhcheardaí Naomh Bríde, 'ic Scethaib Connla i taib Liamna i Maig Laigin', sé sin 'ag Sceachaibh Connla taobh le Liamhain i Maigh Laighean'. Ó tharla gur chuid d'aonad talún nach ann dó a thuilleadh, ach ar a dtugtaí Tibberbride nó Tobberbride i bhfoinsí ón seachtú haois déag, é baile fearainn Skeagh / Sceach an lae inniu agus ó tharla gurb ionann Tobberbride agus Tobar Bhríde i nGaeilge, cuireann sé sin leis an tuiscint gurb ionann Sceich (ainmneach iolra scé, sceach na Nua-Gheilge) Connla agus Skeagh.

Áit mhór le rá ba ea Liamhain a luadh roimhe seo ar feadh i bhfad. Is ann a bhí príomhphort ríshliocht Uí Dhúinchadha Laighean tráth agus tá a n-ainm caomhnaithe sa logainm Gaeilge Carnán Cluana Uí Dhúinchadha, a bhfuil an leagan giorraithe An Carnán air anois, nó Dolphin's Barn i mBéarla. De réir Leabhar na gCeart, a scríobhadh san aonú haois déag, dúnfort de chuid 'Gail' (lochlainnaigh) Átha Cliath ba ea Liamhain faoin tráth úd. Ba iad na hAngla-Normannaigh a thóg An Caisleán Nua sa limistéar céanna, mar is léir ó thagairtí luatha dó ar nós 'Newcastle de Leuan' (1223), 'de Novo castro de Lyouns' (1340) agus Caislén Nua Liamhain ina dhiaidh sin sa dán adhmholta a luadh roimhe seo faoi Aodh Ó Broin atá sa Leabhar Branach. Tá Liamhain tagtha anuas chugainn sna logainmneacha Lyons Hill / Cnoc Liamhna agus Paróiste Liamhna i gCo. Chill



Dara agus in ainm eile fós atá i bhfad níos nua-aimseartha ná iadsan, Lyons Road / Bóthar Liamhna ar an teorainn idir Co. Chill Dara agus Co. Bhaile Átha Cliath. Ní hé an bunús céanna atá le Knocklyon áfach, áit atá suite timpeall is cúig chiliméadar déag níos faide soir idir Baile Baodáin agus Teach na Giúise. Cnoclin agus Cnoclyn na leaganacha a tugadh ar an logainm deireanach i rollaí riaracháin thosach an ceathrú haois déag. Is léir gur siolla amháin atá sa dara cuid den logainm agus b'fhéidir gurb é an ginideach uatha de líon atá ann, ainmfhocal a bhféadfadh an chiall 'flax', 'net' nó 'snare' a bheith leis i mBéarla. Dá bhrí sin, tá na leaganacha Gaeilge de Knocklyon, Knocklyon Road agus araile mícheart mar atá ar na comharthaí, .i. Cnoc Liamhna, Bóthar Chnoc Liamhna. Cnoc Lín an leagan ceart.

Is ait an rud é go bhfaightear macasamhail na logainmneacha Gaeilge atá pléite go dtí seo agam, gan iontu ach aon fhocal amháin (agus an t-alt leo uaireanta), i gcineál áirithe ainmníochta atá san fhaisean in Éirinn na linne seo. Sa chineál seo ainm nua-aimseartha, faightear alt cinnte an Bhéarla agus ainmfhocal ina dhiaidh, ainmfhocal a bhféadfadh baint a bheith aige leis an logainmníocht agus ar minic leis a bheith doiléir agus neamhchoitianta. Seo roinnt samplaí atá i limistéar Bhaile Átha Cliath Theas: The Briars, The Coppice, The Covert, The Dingle, The Garth, The Oval, The Paddocks, The Tudors agus The Sacra. Pléifidh mé an t-ainm deireanach sin ar ball.

Aicme thábhachtach logainmneacha luatha is ea iad siúd a bhfuil téarmaí lonnaíochta eaglasta iontu. Tá roinnt láithreacha eaglasta i mBaile Átha Cliath Theas a dtosaíonn a n-ainmneacha le Cill, focal iasachta ón Laidin agus an chiall eaglais leis de ghnáth. Is as Cill Mhaighneann (Cell Maignenn anallód) a d'éascair Kilmainham atá i limistéar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. 'Maigniu abb. Cilli Magnenn' a thugtar ar an ab a bhfuil a ainm caomhnaithe sa logainm úd i bhFéilire Thamhlachta, féilire a cuireadh i dtoll a chéile i Mainistir Thamhlachta thart ar an mbliain 800 (ach roimh Féilire Aonghasa). Tá Cill na nIníon / Killinniny suite, 'i taobh Tamhlachta andes' (.i. 'in aice le Tamhlacht ar an taobh theas') de réir mar atá mínithe i bhFéilire Uí Ghormáin (a cuireadh i dtoll a chéile thart ar an mbliain 1170c). Ghairtí iníonacha Mhic lair chomh maith ar na ban-naoimh dá dtagraítear sa logainm sin. Go deimhin, tá roinnt ceall ann a ainmníodh i ndiaidh iníonacha duine faoi leith mar atá Cill Iníon Léinín i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Cell Ingen nAilella, nach bhfuil ann a thuilleadh ach a bhí suite in aice le Liamhain de réir ceann de na nótaí a cuireadh le Féilire Aonghasa. Tá an bhrí atá le Cill an Ardáin / Killinardan soiléir. 'Cell Manach Escrach i nUíb Dúinchada' (.i. Cill Manach [le hais] Eiscir [i gcríoch] Uí Dhúinchadha) an tslí a dtagraítear do Cill na Manach / Kilnamanagh i nGinealaigh na Naomh Éireannach. Meastar go bhfuil Cill Mochuidbhríocht tiomnaithe do Naomh Cuthbert, manach Angla-Shacsanach a bhí ina easpag ar Lindisfarne sa seachtú haois. Tá samplaí luatha den logainm deireanach sin ar taifead i gClár an Ardeaspag Alen, leithéidí, Kylmaccudricke agus Killmacodricke.



Focal dúchasach Gaeilge is ea teach nó tigh (an tabharthach uatha ó cheart). Is minic an chiall eaglais leis i logainmneacha, ar nós an logainm Tymon i mBéarla a bhfuil an litriú Tigh Motháin air anois i nGaeilge ach gurbh fhéidir gurbh as Muadhán, ainm naoimh, a tháinig an dara cuid den ainm. Cuireann foirmeacha luatha Templeogue, a bhfuil an litriú Teach Mealóg air i nGaeilge anois, an t-ainm pearsanta Mológa / Dológa i gcéill, leithéidí Teg Dologa (deireadh an dara haois déag) agus Tachmelog in Crede Mihi. Is minic Mo- nó Do- a bheith i dtús ainmneacha ceana naoimh, leithéid Mochua Chluain Dolcáin dá ngairtear Crónán freisin sna luathfhoinní. Feictear sampla eile d’ainm ceana naoimh i leaganacha luatha den logainm Teach Sagard, mar atá ‘Moshacru in Tech Tacru’ i bhFéilire Thamhlachta. Tabhair faoi deara go scríobhtar an fhuaim /g/ mar c i lár focal i litriú na Sean-Ghaeilge mar atá le feiceáil in ainm an naoimh réamhluaithe, Moshacru. Teagh Thagra an litriú Nua-Ghaeilge a bhí ar an logainm ina dhiaidh sin san aiste filíochta ón séú haois déag i dtaobh Aodha Uí Bhroin a ndearna mé tagairt dó roimhe seo. Bhí sé ar taifead mar Tassagard (fara leaganacha malartacha) i gcáipéisí Laidine ón tríú haois déag agus níor tharla an giorrú go Saggard go dtí an seachtú haois déag. Ní gá a rá nárbh as an bhfocal Gaeilge sagart a tháinig an logainm. Is cóir a lua freisin go dtaispeánann The Sacra, ainm ar bhloc réasúnta nua árasán i limistéar Theach Sagard, míthuiscint amach is amach ar bhunús an logainm seo. Leagan eile ar an bhfocal Teach atá le fáil i logainmneacha i dtuaisceart Laighean is ea Steach nó Stigh. Logainm nach bhfuil ann anois, ach a bhí i gcomharsanacht Bhaile Phámar tráth, is ea Steach Guaire.

Dealraíonn sé gur Teach / Steach a bhí i dtosach an logainm seo a leanas chomh maith, de réir na samplaí ón gceathrú haois déag atá caomhnaithe in Alen’s Register: Staghycony, Taghcummy. I dtús an seachtú haois déag, tugadh Stagoni, Stagonny, Teggonnagh ar an áit chéanna agus ina dhiaidh sin, scríobhadh Tygunny i dtús an naoú haois déag. Is ionann é agus Gunny Hill sa lá atá inniu ann, le hais Oldcourt / An tSeanchúirt. Measaimid gur Teach gConaigh, ‘the house of (St.) Conach’, an t-ainm ceart Gaeilge agus go bhfaightear an t-ainm pearsanta céanna sa logainm Ard Conaigh, seanláthair eaglasta de chuid Chúige Laighean atá luaite i nGinealaigh na Naomh Éireannach, nach raibh a shuíomh ar eolas roimhe seo; measaimidne gurb ionann suíomh Ard Conaigh agus Teach gConaigh.

Seachas téarmaí lonnaíochta eaglasta, is féidir tionchar na heaglaise a thabhairt faoi deara in ainmneacha pearsanta. Is as Baile Maoilíosa a eascraíonn Ballymaice mar shampla, atá suite i bparóiste sibhialta Thamhlachta. Searbhónta (.i. Maol) íosa is brí leis an ainm pearsanta atá i ndiaidh baile sa sampla seo. Ainm a bhí coitianta go leor i measc lucht Eaglasta ab ea Maoilíosa mar is léir ó na hAnnála luatha Éireannacha. Aistriú Béarla ar an logainm Baile Uí Rónáin is ea Ronanstown i bparóiste Chluain Dolcáin. Is fada an t-ainm Rónán ceangailte le mainistir Chluain Dolcáin agus tá bás ‘Fiachna ua Rónáin airchinneach Cluana Dolcáin’ sa bhliain 1086 ar taifead in Annála éagsúla. Agus ar deireadh thiar chomh fada is a



bhaineann sé le hainmneacha eaglasta de, 'baile (fearainn) na mban rialta' an chiall atá le Calliaghston / Baile na gCailleach i bparóiste Ráth Cúil a bhí i seilbh chlochiar Mhuire Hoggas i mBaile Átha Cliath tráth.

Tá úsáid bainte as ainmneacha roinnt mhaith de na naoimh a pléadh thuas chomh maith i sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas, leithéidí Cúirt Aonghasa / St. Aongus's Court, Céide Bhríde / St. Bridget's Drive, Cúirt Chuidbhríocht / St. Cuthbert's Court, Páirc Mhaolruain / St. Maelruan's Park, Cill Chrónáin / Kilcronan agus Cluain Chrónáin (ainm nua-aimseartha Gaeilge). Thagair mé cheana féin do mhainistir Lindisfarne in oirthuaisceart Shasana nuair a labhair mé faoi Naomh Cuthbert. Ba é Naomh Aédán (Aodhán i litriú na Nua-Ghaeilge) a bhunaigh mainistir Lindisfarne agus freisin mainistir Mhaolrosa in Albain. Sin é is bun le sráidainmneacha mar Ascaill Oileán Lindisfarne / Lindisfarne Avenue, Ascaill Mhaolrosa / Melrose Avenue, Clós Aodhán / St. Aidan's Close.

Gné amháin eile de na logainmneacha ar mhaith liom tagairt di is ea an tionchar iasachta. Is tearc logainm de bhunús Lochlannach atá i mBaile Átha Cliath Theas cé go bhfuil tionchar na Lochlannach sa réigiún ar taifead i gcáipéisí. Déantar tagairt don dúnfort Lochlannach 'Dun Amhlaim oc Cluain Dolcain' (.i. Dún Amhlaib) in Annála Uladh sa bhliain (cheartaithe) 867, nuair a dhóigh fórsaí Éireannacha é. Leagan Gaeilge de Áleifr na Sean-loruaise is ea Amhlaib (Amhlaoibh ina dhiaidh sin). Is i nGaeilge, ar ndóigh, atá ainm an dúnfoirt ar taifead sna hAnnála. Ar an láimh eile is de bhunús na Sean-loruaise an logainm Leixlip. Láthair ina léimeann bradáin an chiall atá leis agus é ag tagairt d'éas ar an Life. Ina dhiaidh sin tugadh an t-ainm isteach sa Mheán-Bhéarla seachas sa Ghaeilge. Go deimhin, níor glacadh formhór logainmneacha loruaise na hÉireann isteach sa Ghaeilge.

Tiocfaimid ar aghaidh anois go dtí an tréimhse Angla-Normannach agus feicfimid go dtagraíonn roinnt d'ainmneacha na mbailte fearainn atá sa réigiún don ghné mhíleata den ghabháil, ainmneacha fearacht An Caisleán Nua a luadh cheana agus Caisleán Bhairnín / Castlewarden atá ar theorainn Co. Chill Dara. Tá an dara ceann díobh seo ar taifead i gClár Mhainistir San Tomás, Baile Átha Cliath mar Castellum Warin (timpeall na bliana 1195) agus i gcáipéis eile fós mar Castell Warnyng sa bhliain 1495, agus rinne Caislén Bharruin (nó Bairnin) de i nGaeilge faoin séú haois déag (féach An Leabhar Branach mar leis sin de). Tagraítear do bhaile fearainn An Briotás / Brittas in Alen's Register mar, le Bretage, Bretas, Bretach chomh maith le leaganacha malartacha eile. Tá an leagan briotás le fáil i gcáipéisí Gaeilge agus is as an bhfocal Angla-Normannach bretasse é, a bhfuil an bhrí caiseal sealadach uchta déanta as adhmhad leis. Is díol spéise í an áit ina bhfuil An Briotás suite - ar theorainn thiar theas Co. Chill Mhantáin - nuair a smaoinítear ar an gciall atá leis an logainm.

Is ainmneacha luatha de bhunús Béarla na bailte fearainn seo a leanas: Stannaway (ar theorainn Bhaile Átha Cliath Theas) a scríobhadh mar Stony wey



sa bhliain 1296; Newlands dár tagraíodh mar, le Newland sa bhliain 1313; Coldcut ar ar tugadh Coldecot sa bhliain 1435, agus a bhfuil an chiall both fhuar leis; Hazelhatch a scríobhadh mar Haselhyrst sa bhliain 1405 agus a chiallaíonn collchoill. Is as sloinne Angla-Normannach a scríobhadh mar Bakepuz, de Bakepuz agus araile i gcáipéisí go deireanach sa tríú haois déag a eascraíonn Backweston a bhí ar taifead mar Bakbyestoun sa bhliain 1395. Sloinne áitiúil é atá bunaithe ar an logainm Bacquepuis sa Normainn. Tá an sloinne le fáil chomh maith sa chuid dheireanach den logainm Kingston Bagpuize in Oxfordshire i Sasana. Ainmníodh Johnstown i bparóiste Ráth Cúil i ndiaidh 'John son of John de Penris' (1236). Sloinne áitiúil is ea 'Penris' chomh maith mar gur as an logainm Breatnaise Pen-rhys é.

Tá ainmneacha eile de bhunús iasachta i mBaile Átha Cliath Theas agus ní sine iad ná an t-ochtú nó an naoú haois déag, leithéidí Argos (áit stairiúil sa Ghréig), Gibraltar, Mountpelier agus Portobello. Ar ndóigh bíonn logainmneacha iasachta go mór san fhaisean nuair a bhíonn sráidainmneacha á gceapadh sa lá atá inniu ann in Éirinn. Is samplaí iad seo a leanas de logainmneacha iasachta éagsúla atá le fáil i measc sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas:

- Airton (Airton Road), Aylesbury, Beverly, Cherbury, Eaton, Hanbury, Kennington, Kew, Rushbrook, Westbourne agus Willington (logainmneacha de chuid Shasana iad sin go léir);
- Airlie, Drysdale agus Fettercairn (as Albain) - ar an lámh eile seans gur tagairt don tae atá i Tay Lane agus nach tagairt don abhainn Tay / Tatha atá ann;
- Bewley (< Beaulieu) agus b'fhéidir Tournville (as an bhFrainc);
- First - Fourth Avenue (Nua-Eabhrac is dócha!).

Ar ndóigh is iomaí sráidainm i mBaile Átha Cliath Theas a d'eascair as ainmneacha stairiúla de chuid an cheantair, mar Ascaill Bolbrook. B'as Bolbrook Paper Mill i dTamhlacht a tháinig an t-ainm sin agus tá sé le feiceáil ar an gcéad eagrán de léarscáil sé orlaigh sa mhíle na Suirbhéireachta Ordanáis (Co. Bhaile Átha Cliath, foilsithe 1837). Tugadh Boldbrook Paper Mill air roimhe sin ar léarscáil Co. Bhaile Átha Cliath (1821) a rinne William Duncan. Is é is dócháí gur bunaíodh an t-ainm ar an sloinne Archbold, déantóir páipéir, a raibh an muileann sin ina sheilbh aige i lár an ochtú haois déag.

Mar fhocal scoir críochnóidh mé an réamhrá seo le cúpla sráidainm ar chinn sé ar an mBrainse Logainmneacha a mbunús a oibriú amach ainneoin ár ndíchill: Ascaill Delaford, Bóthar Kennelsfort, Céide Magna agus Clós De Selby. Ach mar a tharlaíonn tá an t-ainm De Selby mar ainm ag Flann O'Brien ar charachtar ina úrscéal The Third Policeman!



Logainmneacha agus Sráidainmneacha



Logainmneacha agus Sráidainmneacha/Place Names

Gaeilge

Béarla

Abhainn Bheag	Avonbeg
Achadh an Tobair	Springfield
Aill an Ghabhair	Allagour
An Aill Gheal	Whitecliff
An Ascaill, Arda Belgard	The Avenue, Belgard Heights
An Ascaill, Mainéar na Gráinsí	The Avenue, Grange Manor
An Ascaill, Mulláin na Cufróige	The Avenue, Cypress Downs
An Ascaill, Páirc Bhaodáin	The Avenue, Boden Park
An Baile Bán	Ballybane
An Baile Gaelach	Irishtown
An Baile Mór	Ballymorefinn
An Baile Nua	Newtown
An Baile Nua Íochtarach	Newtown Lower
An Baile Nua Uachtarach	Newtown Upper
An Bhearna Dhearg	Redgap
An Bhó Dhearg	Redcow
An Bhoth Fhuar	Coldcut
An Bhuaile Mheánach	Ballymana
An Bóthar Buí	Boherboy
An Bóthar Míleata	Military Road
An Bóthar Mór	Main Road
An Bóthar Mór Uachtarach	Main Street Upper
An Bóthar Nua	New Road
An Briotás	Brittas
An Briotás Beag	Brittas Little
An Briotás Mór	Brittas Big
An Caisleán Nua	Newcastle
An Caisleán Nua Theas	Newcastle North
An Caisleán Nua Thuaidh	Newcastle South
An Carraigín	Carrigeen
An Carraigín	Corrageen
An Céide	The Drive
An Céide, Arda Choill an Rí	The Drive, Kingswood Heights



Logainmneacha agus Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas

South Dublin Placenames and Streetnames

An Céide, Coill an Rí	The Drive, Kingswood
An Céide, Eastát Phlásóga	The Drive, Millbrook Lawns Estate
Shruth an Mhuilinn	
An Céide, Mainéar na Gráinsí	The Drive, Grange Manor
An Céide, Páirc Bhaodáin	The Drive, Boden Park
An Chaor Gheal	Silverberry
An Chaor Throim	Elderberry
An Charraig Liath	Carriglea
An Cheapach	The Glade
An Cheapach	Cappagh
An Cheapach Mhór	Cappaghmore
An Cheapach, Arda Belgard	The Glade, Belgard Heights
An Chiseog	Kishoge
An Chluthair	The Covert
An Choill	The Wood, Millbrook Lawns Estate
An Choill Chruinn	Ringwood
An Choill Gheal	Silverwood
An Cholchoill	Hazel Wood
An Chraobhach	Cruagh
An Chrois Uachtarach	Upper Cross
An Chúirt, Arda Belgard	The Court, Belgard Heights
An Chúirt, Arda Choill an Rí	The Court, Kingswood Heights
An Chúirt, Coill an Rí	The Court, Kingswood
An Chúirt, Mulláin na Cufróige	The Court, Cypress Downs
An Chúirt, Páirc Bhaodáin	The Court, Boden Park
An Cláí Dubh	Blackditch
An Cloigín Gorm	Bluebell
An Clós	The Close
An Clós Cúirte	The Courtyard
An Clós, Arda Choill an Rí	The Close, Kingswood Heights
An Clós, Coill an Rí	The Close, Kingswood
An Clós, Mainéar na Gráinsí	The Close, Grange Manor
An Clós, Mulláin na Cufróige	The Close, Cypress Downs
An Clós, Páirc Bhaodáin	The Close, Boden Park
An Clós, Plásóga Shruth an Mhuilinn	The Close, Millbrook Lawns
An Cnoc Ard	Highdownhill
An Cnoc Mór	Knockmore
An Coimín	Commons



Logainmneacha agus Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas

South Dublin Placenames and Streetnames

An Coimín Beag	Commons Little
An Corrán	The Court
An Corrán, Arda Belgard	The Crescent, Belgard Heights
An Corrán, Arda Choill an Rí	The Crescent, Kingswood Heights
An Corrán, Coill an Rí	The Crescent, Kingswood
An Corrán, Eastát Phlásóga	The Crescent, Millbrook Lawns Estate
Shruth an Mhuilinn	
An Corrán, Mainéar na Gráinsí	The Crescent, Grange Manor
An Corrán, Páirc Bhaodáin	The Crescent, Boden Park
An Corrbhaile	Corbally
An Crann Giúise	Pine Tree
An Cuarbhóthar Lasmuigh	Outer Ring Road
An Cuisleán	Cushlawn
An Eachlann	The Mews
An Eiscir	Esker
An Eiscir Theas	Esker South
An Eiscir Thuaidh	Esker North
An Fearann Glas	Greenlands
An Fearann Glas	The Greenlands
An Fearann Nua	Newlands
An Fhaiche	The Green
An Fhaiche, Arda Choill an Rí	The Green, Kingswood Heights
An Fhaiche, Coill an Rí	The Green, Kingswood
An Fhaiche, Mulláin na Cufróige	The Green, Cypress Downs
An Fhaiche, Páirc Bhaodáin	The Green, Boden Park
An Fhothair	The Dingle
An Fraoch, Arda Belgard	The Heath, Belgard Heights
An Fraoch, Mulláin na Cufróige	The Heath, Cypress Downs
An Garrán Fraoigh	Heather Grove
An Garrán, Arda Belgard	The Grove, Belgard Heights
An Garrán, Coill an Rí	The Grove, Kingswood
An Garrán, Eastát Phlásóga	The Grove, Millbrook Lawns Estate
Shruth an Mhuilinn	
An Garrán, Lána Uí Éideáin	The Grove, Haydens Lane
An Garrán, Mainéar na Gráinsí	The Grove, Grange Manor
An Garrán, Páirc Uí Éideáin	The Grove, Haydens Park
An Ghléib	Glebe
An Ghléib	The Glebe



Logainmneacha agus Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas
South Dublin Placenames and Streetnames

An Ghoirtín, Arda Choill an Rí	The Garth, Kingswood Heights
An Ghráinseach	Grange
An Gleann	Glenvale
An Gleann	The Glen
An Gleann	The Vale
An Gleann Dubh	Glendoo
An Gleann, Páirc Bhaodáin	The Glen, Boden Park
An Gleanntán Geal	Silverdale
An Gleanntán, Arda Belgard	The Dale, Belgard Heights
An Gleanntán, Arda Choill an Rí	The Dale, Kingswood Heights
An Gleanntán, Coill an Rí	The Dale, Kingswood
An Goirtín, Arda Belgard	The Garth, Belgard Heights
An Goirtín, Coill an Rí	The Garth, Kingswood
An Gort Lom	Gortlum
An Grífin	Griffeen
An Halla Bán	Whitehall
An Lána Foscúil	The Shady Lane
An Lána Glas	Green Lane
An Log	Lugg
An Log Mór	Lugmore
An Mainéar	The Manor
An Mainéar, Garrán Pháirc Orwell	The Manor, Orwell Park Grove
An Mainéar, Mulláin na Cufróige	The Manor, Cypress Downs
An Meal	The Mall
An Mhainistir	Monastery
An Pháirc Ghlas	Green Park
An Pháirc Thiar	Park West
An Pháirc Thiar	Westpark
An Pháirc, Arda Choill an Rí	The Park, Kingswood Heights
An Pháirc, Coill an Rí	The Park, Kingswood
An Pháirc, Eastát Phlásóga Shruth an Mhuilinn	The Park, Millbrook Lawns Estate
An Pháirc, Mainéar na Gráinsí	The Park, Grange Manor
An Pháirc, Mulláin na Cufróige	The Park, Cypress Downs
An Phlásóg	The Lawn
An Phlásóg, Arda Belgard	The Lawn, Belgard Heights
An Phlásóg, Páirc Bhaodáin	The Lawn, Boden Park
An Phríoireacht	The Priory



Logainmneacha agus Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas

South Dublin Placenames and Streetnames

An Phríóireacht, Bóthar na Gráinsí	The Priory, Grange Road
An Radharc, Arda Belgard	The View Belgard Heights
An Radharc, Eastát Phlásóga	The View, Millbrook Lawns Estate
Shruth an Mhuilinn	
An Ráithín	Raheen
An Rosán	The Coppice
An Rosán, Cluainte Weston	The Copse, Weston Meadows
An Sár-Radharc	Prospect View
An Sceach	Skeagh
An Sceach Gheal	Whitethorn
An Seanbhábhún	Oldbawn
An Seachnoc	The Old Hill
An Seanteampall	Oldchurch
An Seanúllord	Oldorchard
An Sionnach agus na Géanna	Fox and Geese
An Siúlán	The Walk, Millbrook Lawns Estate
An Siúlán, Mulláin na Cufróige	The Walk, Cypress Downs
An Slád	Slade
An Slád Mór	Slademoore
An Spá	Spawell
An Sruth	The Watercourse
An Sruthán Geal	Whitebrook
An Sruthán Luath	Swiftbrook
An tAirdín	Ardeen
An tArd Alpach	Alpine Rise
An tArd, Arda Belgard	The Rise Belgard Heights
An tArd, Arda Choill an Rí	The Rise, Kingswood Heights
An tArd, Coill an Rí	The Rise, Kingswood
An tArd, Páirc Bhaodáin	The Rise, Boden Park
An Teampall Geal	Whitechurch
An Teanga	Tongue Field
An Trá	The Strand
An tSeancheárta	The Old Forge
An tSeanghléib	The Old Glebe
An tSráid Ard	High Street
An tSráid Mhór	Main Street
An tUbhchruth	The Oval
An tÚllord Múrach	The Walled Orchard



Logainmneacha agus Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas

South Dublin Placenames and Streetnames

An tÚllord, Acraí Fheirm na Coille	The Orchard, Woodfarm Acres
An tÚllord, Bóthar Ghort an Dúin	The Orchard, Fortfield Road
An tÚllord, Mainistir Pháirc na gCloch	The Orchard, Stonepark Abbey
Áras na Cluaine	Áras na Cluaine
Ard an Chlogáis	Belfry Rise
Ard an Chorrbaile	Corbally Rise
Ard an Ruiséalaigh	Russell Rise
Ard Aoibhinn	Ardeevin
Ard Áth na Coille	Woodford Rise
Ard Beverly	Beverly Rise
Ard Bhaile an tSionnaigh	Foxborough Rise
Ard Bhaile na Coille	Ballynakelly Rise
Ard Bhaile na Coille	Woodstown Rise
Ard Chluain na hEascrach	Esker Meadow Rise
Ard Chnoc na Páirce	Parkhill Rise
Ard Chnoc Uí Chuilinn	Knockcullen Rise
Ard Chnocán Aindriú	Mount Andrew Rise
Ard Chnocán an Bheileogaigh	Mount Bellew Rise
Ard Choill an Chaoich	Killakee Rise
Ard Choill na Fearnóige	Alderwood Rise
Ard Choill na hEascrach	Esker Wood Rise
Ard Choill Tobair	Kiltipper Rise
Ard Chúirt Rois	Rosse Court Rise
Ard Cloch	Ardclough
Ard Colthurst	Colthurst Rise
Ard De Selby	De Selby Rise
Ard Ellensborough	Ellensborough Rise
Ard Gheata an Chaisleáin	Castlegate Rise
Ard Ghleanntán na Mainistreach	Abbeydale Rise
Ard Ghort na Fuiseoige	Larkfield Rise
Ard Halla na Tulaí	Tullyhall Rise
Ard Mhacha	Ard Mhacha
Ard Mhainéar an Chaisleáin Nua	Newcastle Manor Rise
Ard Mharlaí	Marley Rise
Ard na Carraige Léithe	Carriglea Rise
Ard na Coille Rua	Redwood Rise
Ard na Darach	Oak Rise
Ard na Life	Liffey Rise



Logainmneacha agus Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas

South Dublin Placenames and Streetnames

Ard na Mainistreach	Monastery Rise
Ard Orlaí	Orlagh Rise
Ard Pháirc Bhaodáin	Boden Park Rise
Ard Pháirc na bhFianna	Deerpark Rise
Ard Pháirc Orwell	Orwell Park Rise
Ard Phort an Iarla	Earlsfort Rise
Ard Radharc an tSrutháin	Brookview Rise
Ard Radharc na Beithe	Birchview Rise
Ard Radharc na Giúise	Pineview Rise
Ard Saileach	Sallymount
Ard Verschoyle	Verschoyle Rise
Ard Westbourne	Westbourne Rise
Arda Achadh an Iúir	Virginia Heights
Arda Airlie	Airlie Heights
Arda an Ghoirt Leathain	Broadfields Heights
Arda an Teampaill Ghil	Whitechurch Heights
Arda Áth na Coille	Woodford Heights
Arda Belgard	Belgard Heights
Arda Beverly	Beverly Heights
Arda Bhaile an tSionnaigh	Foxborough Heights
Arda Bhaile na Coille	Woodstown Heights
Arda Bhaile Phámar	Palmerstown Heights
Arda Bhaile Uí Ruáin	Ballyroan Heights
Arda Bhéal Easa	Foxford Heights
Arda Chaisleán an tSláid	Slade Castle Heights
Arda Chnoc Lín	Knocklyon Heights
Arda Chnoc na Páirce	Parkhill Heights
Arda Choill na Beithe	Birchwood Heights
Arda Choillte Leamháin	Kiltalown Heights
Arda Chúirt Rois	Rossecourt Heights
Arda Ghleanntán na Gréine	Sundale Heights
Arda Ghort na Manach	Monksfield Heights
Arda Leamhcáin	Lucan Heights
Arda Mhainéar an Chaisleáin Nua	Newcastle Manor Heights
Arda Mhaolrosa	Melrose Heights
Arda Mhullach an Chnoic	Hillcrest Heights
Arda na Coille Rua	Redwood Heights
Arda na Gléibe	The Glebe Heights



Logainmneacha agus Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas

South Dublin Placenames and Streetnames

Arda na Mainistreach	Monastery Heights
Arda na Radharc	Prospect Heights
Arda na Tamaraisce	Tamarisk Heights
Arda Pháirc Orwell	Orwell Park Heights
Arda Radharc na Beithe	Birchview Heights
Arda Radharc na Coille	Woodview Heights
Arda Verschoyle	Verschoyle Heights
Arda Weston	Weston Heights
Ardán Airton	Airton Terrace
Ardán an Bhriotaigh	Le Bret Terrace
Ardán an Chléirigh	Clarkeville Terrace
Ardán an Chlogáis	Belfry Terrace
Ardán an Teampaill	Church Terrace
Ardán an tSairséalaigh	Sarsfield Terrace
Ardán an tSeanbhábhuin	Old Bawn Terrace
Ardán an tSeanúloird	Old Orchard Terrace
Ardán an tSéiplínigh	Chaplains Terrace
Ardán an tSrutháin Aoibhinn	Fairbrook Terrace
Ardán Áth na Coille	Woodford Terrace
Ardán Avondale	Avondale Terrace
Ardán Bettyfort	Bettyfort Terrace
Ardán Bhaile na Coille	Ballynakelly Terrace
Ardán Bhuirg an Rí	Buirg an Rí Terrace
Ardán Chnoc na Gíolcaí	Broomhill Terrace
Ardán Chrann an Ghleanntáin	Daletree Terrace
Ardán Chúil Draighneach	Cooldrinagh Terrace
Ardán Chúirt Rois	Rosse Court Terrace
Ardán Eaton	Eaton Terrace
Ardán Fhinnéin	Saint Finian's Terrace
Ardán Hollyville	Hollyville Terrace
Ardán Laighean	Leinster Terrace
Ardán Loreto	Loreto Terrace
Ardán Mhaolruain	Saint Maelruan's Terrace
Ardán Mhuire	Saint Mary's Terrace
Ardán na Carraige Móire	Carrigmore Terrace
Ardán na Creige	Crag Terrace
Ardán na Life	Liffey Terrace
Ardán Pháirc na bhFianna	Deerpark Terrace



Logainmneacha agus Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas

South Dublin Placenames and Streetnames

Ardán Pheadair	Saint Peter's Terrace
Ardán Radharc an tSrutháin	Brookview Terrace
Ardán Ros Beirigh	Rosberry Terrace
Ardán San Aignéas	Saint Agnes Terrace
Ardán San Anna	Saint Anne's Terrace
Ardán San Doimínic	Saint Domicick's Terrace
Ardán Thor an Rí	Tor an Rí Terrace
Ardán Uí Dhálaigh	Daly's Terrace
Ardán Vesey	Vesey Terrace
Ardán Wellington	Wellington Terrace
Ardán Wolfe Tone	Wolfe Tone Terrace
Ascaill a Ceathair	Fourth Avenue
Ascaill a Dó	Second Avenue
Ascaill a hAon	First Avenue
Ascaill a Trí	Third Avenue
Ascaill Abhainn Mhór	Avonmore Avenue
Ascaill Achadh an Tobair	Springfield Avenue
Ascaill Áine Ní Dhoibhlin	Anne Devlin Avenue
Ascaill an Aighlmearaigh	Aylmer Avenue
Ascaill an Aird Mhóir	Ard Mor Avenue
Ascaill an Bhurgáiste	Burgage Avenue
Ascaill an Chaisleáin	Castle Avenue
Ascaill an Chéadrais	Cedar Avenue
Ascaill an Chlogáis	Belfry Avenue
Ascaill an Chloigín Ghoirm	Bluebell Avenue
Ascaill an Chnoic Mhóir	Knockmore Avenue
Ascaill an Chorrbaile	Corbally Avenue
Ascaill an Chuisleáin	Cushlawn Avenue
Ascaill an Daingin	Dangan Avenue
Ascaill an Dúin Ghlais	Greenfort Avenue
Ascaill an Fhearainn Nua	Newlands Avenue
Ascaill an Ghairtéir	Garter Avenue
Ascaill an Ghallchnó	Walnut Avenue
Ascaill an Gharráin Chnó	Nutgrove Avenue
Ascaill an Ghoirt Leathain	Broadfield Avenue
Ascaill an Mhainéir	Manor Avenue
Ascaill an Ráithín	Raheen Avenue
Ascaill an Ruiséalaigh	Russell Avenue



Logainmneacha agus Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas

South Dublin Placenames and Streetnames

Ascaill an Teampaill Ghil	Whitechurch Avenue
Ascaill an tSeanbhábhúin	Old Bawn Avenue
Ascaill an tSeanchaisleáin	Shancastle Avenue
Ascaill an tSeanteampaill	Oldchurch Avenue
Ascaill an tSeiceamair	Sycamore Avenue
Ascaill an tSrutháin Luaith	Swiftbrook Avenue
Ascaill an Úlloird	Orchard Avenue
Ascaill Ard Aoibhinn	Ardeevin Avenue
Ascaill Áth na Coille	Woodford Avenue
Ascaill Bancroft	Bancroft Avenue
Ascaill Beverly	Beverly Avenue
Ascaill Bewley	Bewley Avenue
Ascaill Bhaile Adaim	Adamstown Avenue
Ascaill Bhaile Ailín	Allenton Avenue
Ascaill Bhaile an Bhábhúin	Bawnville Avenue
Ascaill Bhaile an Mhóta	Ballymount Avenue
Ascaill Bhaile an Teampaill	Templeville Avenue
Ascaill Bhaile an tSionnaigh	Foxborough Avenue
Ascaill Bhaile an Úlloird	Orchardstown Avenue
Ascaill Bhaile Bhailcín	Walkinstown Avenue
Ascaill Bhaile Eoghain	Ballyowen Avenue
Ascaill Bhaile na Coille	Woodstown Avenue
Ascaill Bhaile na Coille	Woodville Avenue
Ascaill Bhaile na Fuinseoige	Ashton Avenue
Ascaill Bhaile Néill	Neilstown Avenue
Ascaill Bhaile Phámar	Palmerstown Avenue
Ascaill Bhaile Shiurdáin	Jordanstown Avenue
Ascaill Bhaile Thigh Motháin	Tymonville Avenue
Ascaill Bhaile Uaitéir	Waterstown Avenue
Ascaill Bhaile Uí Chuilinn	Ballycullen Avenue
Ascaill Bhán an Bhábhúin	Bawnlea Avenue
Ascaill Bhánóige	Lealand Avenue
Ascaill Bhartúin	Barton Avenue
Ascaill Bianconi	Bianconi Avenue
Ascaill Bolbrook	Bolbrook Avenue
Ascaill Calmount	Calmount Avenue
Ascaill Chaisleán an tSláid	Slade Castle Avenue
Ascaill Chaisleán Liamhna	Castlelyon Avenue



Logainmneacha agus Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas

South Dublin Placenames and Streetnames

Ascaill Chaisleán Riada	Castle Riada Avenue
Ascaill Chéidín	Keadeen Avenue
Ascaill Chill Chairbre	Kilcarberry Avenue
Ascaill Chill Charraige	Kilcarrig Avenue
Ascaill Chill Chrónáin	Kilcronan Avenue
Ascaill Chill Mhártain	Kilmartin Avenue
Ascaill Chill Mochuidbhríocht	Kilmahuddrick Avenue
Ascaill Chillín	Saint Killian's Avenue
Ascaill Chluain Lára	Clonlara Avenue
Ascaill Chluain Mhór	Cloonmore Avenue
Ascaill Chnoc an Dúin	Mountdown Avenue
Ascaill Chnoc Lín	Knocklyon Avenue
Ascaill Chnoc na Páirce	Parkhill Avenue
Ascaill Chnoc na Raithní	Fernhill Avenue
Ascaill Chnocán Aindriú	Mount Andrew Avenue
Ascaill Chnocán an tSrutháin	Brookmount Avenue
Ascaill Choill an Chairn	Cairnwood Avenue
Ascaill Choill an Chaoich	Killakee Avenue
Ascaill Choill an Chláir	Kilclare Avenue
Ascaill Choill an Rí	Kingswood Avenue
Ascaill Choill na Fearnóige	Alderwood Avenue
Ascaill Choill na Fuinseoige	Ashwood Avenue
Ascaill Choill na Mailpe	Maplewood Avenue
Ascaill Choill na Mainistreach	Abbeywood Avenue
Ascaill Choill na Páirce	Parkwood Avenue
Ascaill Choill na Raithní	Fernwood Avenue
Ascaill Choill na Silíní	Cherrywood Avenue
Ascaill Choill Tobair	Kiltipper Avenue
Ascaill Choillte Leamháin	Kiltalown Avenue
Ascaill Chrann an Ghleanntáin	Daletree Avenue
Ascaill Chúirt an Mhuilinn	Mill Court Avenue
Ascaill Chúirt na Darach	Oakcourt Avenue
Ascaill Chúirt na Raithní	Ferncourt Avenue
Ascaill Chúirt Rois	Rosse Court Avenue
Ascaill Delaford	Delaford Avenue
Ascaill Dhomhnach Mór	Donomore Avenue
Ascaill Dhroichead Eoin	Johnsbridge Avenue
Ascaill Dhroim Cairn	Drumcairn Avenue



Logainmneacha agus Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas

South Dublin Placenames and Streetnames

Ascaill Dhroim na Coille	Droim na Coille Avenue
Ascaill Dhrom Cara	Dromcarra Avenue
Ascaill Dhún Amhlaoibh	Dunawley Avenue
Ascaill Éidin	Eden Avenue
Ascaill Eirmeatáiste	Hermitage Avenue
Ascaill Ellensborough	Ellensborough Avenue
Ascaill Eoin	Saint John's Avenue
Ascaill Fhearann na Páirce	Parklands Avenue
Ascaill Fheirm na Coille	Woodfarm Avenue
Ascaill Fhinnéin	Saint Finian's Avenue
Ascaill Fhothair an tSionnaigh	Foxdene Avenue
Ascaill Fhraoch na Mainistreach	Monastery Heath Avenue
Ascaill Floraville	Floraville Avenue
Ascaill Gheata na Mainistreach	Monastery Gate Avenue
Ascaill Ghleann an Dothra	Dodderdale Avenue
Ascaill Ghleann an Dúin	Glendown Avenue
Ascaill an Ghrífin	Griffeen Avenue
Ascaill Ghleann an Ghrífin	Griffeen Glen Avenue
Ascaill Ghleann na Dothra Bige	Glendoher Avenue
Ascaill Ghleanntán na Feá	Beechdale Avenue
Ascaill Ghleanntán na Gréine	Sundale Avenue
Ascaill Ghleanntán na hAbhann	Riversdale Avenue
Ascaill Ghort an Chaisleáin	Castlefield Avenue
Ascaill Ghort an Choirce	Oatfield Avenue
Ascaill Ghort an Dúin	Fortfield Avenue
Ascaill Ghort an Ghleanna	Glenfield Avenue
Ascaill Ghort an Ime	Butterfield Avenue
Ascaill Ghort an Mhúraigh	Moorfield Avenue
Ascaill Ghort an Rosaigh	Rossfield Avenue
Ascaill Ghort na Carraige	Rockfield Avenue
Ascaill Ghort na Feá	Beechfield Avenue
Ascaill Ghort na Fuinseoige	Ashfield Avenue
Ascaill Ghort na Fuisioige	Larkfield Avenue
Ascaill Ghort na gCrann	Treepark Avenue
Ascaill Ghort na Manach	Monksfield Avenue
Ascaill Ghort na Silíní	Cherryfield Avenue
Ascaill Halla na Tulaí	Tullyhall Avenue
Ascaill Halla Uí Theimhneáin	Tynan Hall Avenue



Logainmneacha agus Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas

South Dublin Placenames and Streetnames

Ascaill Hillsbrook	Hillsbrook Avenue
Ascaill Iarthar na Cathrach	Citywest Avenue
Ascaill John F. Kennedy	John F. Kennedy Avenue
Ascaill Liamhna	Lyons Avenue
Ascaill Liamhna Theas	Lyons Avenue South
Ascaill Liamhna Thuaidh	Lyons Avenue North
Ascaill Log na Coille	Lugnaquilla Avenue
Ascaill Loreto	Loreto Aveune
Ascaill Mhaigh Ghlas	Moy Glas Avenue
Ascaill Mhainéar an Teampaill	Temple Manor Avenue
Ascaill Mhainéar na Gráinsí	Grange Manor Avenue
Ascaill Mhaolrosa	Melrose Avenue
Ascaill Mharcais	Saint Mark's Avenue
Ascaill Mharlaí	Marley Avenue
Ascaill Mhic Uilliam	Mac Uilliam Avenue
Ascaill Mhucrois	Muckcross Avenue
Ascaill Mhuire	Saint Mary's Avenue
Ascaill Mhullach an Chnoic	Hillcrest Avenue
Ascaill na Carraige Léithe	Carriglea Avenue
Ascaill na Carraige Móire	Carrigmore Avenue
Ascaill na Coille	Sylvan Avenue
Ascaill na Coille Rua	Redwood Avenue
Ascaill na Creige	Crag Avenue
Ascaill na Cufróige	Cypress Avenue
Ascaill na Dothra	Dodder Avenue
Ascaill na Dothra Bige	Owendoher Avenue
Ascaill na Foraoise	Forest Avenue
Ascaill na Gráinsí	Grange Avenue
Ascaill na Life	Ascaill an Life
Ascaill na Life	Liffey Avenue
Ascaill na Móinéar Buí	Yellowmeadows Avenue
Ascaill na Páirce	Park Avenue
Ascaill na Páirce Thiar	Park West Avenue
Ascaill na Radharc	Prospect Avenue
Ascaill na Sailí	Willow Avenue
Ascaill na Seanchúirte	Old Court Avenue
Ascaill na Tamaraisce	Tamarisk Avenue
Ascaill na Tiníleach	Limekiln Avenue



Logainmneacha agus Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas

South Dublin Placenames and Streetnames

Ascaill Naomh Mel	Saint Mel's Avenue
Ascaill Ó Dróna	Idrone Avenue
Ascaill Oileán Lindisfarne	Lindisfarne Avenue
Ascaill Orlaí	Orlagh Avenue
Ascaill Osprey	Ospery Avenue
Ascaill Peyton	Peyton Avenue
Ascaill Phádraig	Saint Patrick's Avenue
Ascaill Pháirc an Aeir	Air Park Avenue
Ascaill Pháirc an tSeanchaisleáin	Oldcastle Park Avenue
Ascaill Pháirc an tSíoda	Silken Park Avenue
Ascaill Pháirc Bhaodáin	Boden Park Avenue
Ascaill Pháirc Cherbury	Cherbury Park Avenue
Ascaill Pháirc Kew	Kew Park Avenue
Ascaill Pháirc na bhFianna	Deerpark Avenue
Ascaill Pháirc na Cruithneachta	Wheatfields Avenue
Ascaill Pháirc na Fuinseoige	Ashpark Avenue
Ascaill Pháirc Orwell	Orwell Park Avenue
Ascaill Pháirc Phlásóg na Coille	Woodlawn Park Avenue
Ascaill Pháirc Uí Éideáin	Haydens Park Avenue
Ascaill Phámar	Palmers Avenue
Ascaill Phlásóg an Bhaile	Homelawn Avenue
Ascaill Phlásóg an Ghiorria	Harelawn Avenue
Ascaill Phóil	Saint Paul's Avenue
Ascaill Phort an Iarla	Earlsfort Avenue
Ascaill Radharc an Fhraoigh	Heatherview Avenue
Ascaill Radharc an tSeiscinn	Seskin View Avenue
Ascaill Radharc an tSrutháin	Brookview Avenue
Ascaill Radharc na Beithe	Birchview Avenue
Ascaill Radharc na Giúise	Pineview Avenue
Ascaill Rás an Mhuilinn	Millrace Avenue
Ascaill Ráth an Deagánaigh	Deansrath Avenue
Ascaill Rochfort	Rochfort Avenue
Ascaill Rónáin	Saint Ronan's Avenue
Ascaill Ros Beirigh	Rossberry Avenue
Ascaill Ros Mór	Rossmore Avenue
Ascaill Rualaí	Rowlagh Avenue
Ascaill Rushbrook	Rushbrook Avenue
Ascaill San Antaine	Saint Anthony's Avenue



Logainmneacha agus Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas

South Dublin Placenames and Streetnames

Ascaill San Doiminic	Saint Dominick's Avenue
Ascaill San Éamann	Saint Edmund's Avenue
Ascaill Shorcha Ní Churraoin	Sarah Curran Avenue
Ascaill Shruthán an Chanónaigh	Canonbrook Avenue
Ascaill Shruthán an Leamháin	Elmbrook Avenue
Ascaill Shruthán Liam	Willsbrook Avenue
Ascaill Shruthán na Gráinsí	Grangebrook Avenue
Ascaill Stoicín	Stocking Avenue
Ascaill Theampall Ruáin	Templeroan Avenue
Ascaill Thigh Motháin Thuaidh	Tymon North Avenue
Ascaill Uí Fhiachra	Hunters Avenue
Ascaill Verschoyle	Verschoyle Avenue
Ascaill Wainsfort	Wainsfort Avenue
Ascaill Westbourne	Westbourne Avenue
Ascaill Westbury	Westbury Avenue
Ascaill Weston	Weston Avenue
Ascaill Willington	Willington Avenue
Áth Deirg	Aderrig
Áth Fhearail	Aghfarrell
Áth Gó	Athgoe
Áth Gó Theas	Athgoe South
Áth Gó Thuaidh	Athgoe North
Aylesbury	Aylesbury
Bacastún	Backstown
Baile Adaim	Adamstown
Baile Ailín	Allenton
Baile an Bhaspailigh	Westmanstown
Baile an Bhrúnaigh	Brownstown
Baile an Chócaigh	Cookstown
Baile an Dodaigh	Dodsborough
Baile an Fhaoitigh	Whitestown
Baile an Ghalóntaigh	Gallanstown
Baile an Locha Íochtarach	Loughtown Lower
Baile an Locha Uachtarach	Loughtown Upper
Baile an Mhóta	Ballymount
Baile an Mhóta Beag	Ballymount Little
Baile an Mhóta Mór	Ballymount Great
Baile an Mhuilinn	Milltown



Logainmneacha agus Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas

South Dublin Placenames and Streetnames

Baile an Phiobaraigh	Piperstown
Baile an Phrísigh	Priest-town
Baile an Ridire	Balrothery
Baile an tSíbhrigh	Cheeverstown
Baile an tSionnaigh	Foxborough
Baile an Úlloird	Orchardstown
Baile an Úlloird	Orchardton
Baile Baodáin	Ballyboden
Baile Bhailcín	Walkinstown
Baile Bhailcín	Wilkinstown
Baile Bhlúindéil	Blundelstown
Baile Choilín	Collinstown
Baile Dhónaill	Baldonnell
Baile Dhónaill Beag	Baldonnell Little
Baile Dhónaill Íochtarach	Baldonnell Lower
Baile Dhónaill Uachtarach	Baldonnell Upper
Baile Éamainn	Edmondstown
Baile Eoghain	Ballyowen
Baile Finn	Finnstown
Baile Gallrath	Gollierstown
Baile Gadaí	Balgaddy
Baile Maoilíosa	Ballymaice
Baile Mhic Aighlmir	Ballymakailly
Baile Mhic Cnagáin	Ballymanagin
Baile Mhic Craith	Ballycragh
Baile na Coille	Ballynakelly
Baile na Coille	Woodtown
Baile na Coille	Woodville
Baile na gCailleach Íochtarach	Calliaghstown Lower
Baile na gCailleach Uachtarach	Calliaghstown Upper
Baile na mBráthar Íochtarach	Friarstown Lower
Baile na mBráthar Uachtarach	Friarstown Upper
Baile Néill	Neilstown
Baile Phámar	Palmerstown
Baile Phámar Íochtarach	Palmerstown Lower
Baile Phámar Uachtarach	Palmerstown Upper
Baile Pheire	Perrystown
Baile San Labhrás	Saint Laurence



Logainmneacha agus Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas

South Dublin Placenames and Streetnames

Baile Scallart	Scholarstown
Baile Sheáin	Johnstown
Baile Shiurdáin	Jordanstown
Baile Stíl	Steelstown
Baile Uí Cholgan	Colganstown
Baile Uí Cholmáin	Colmanstown
Baile Uí Chuilinn	Ballycullen
Baile Uí Dhúda	Ballydowd
Baile Uí Eidhin	Hynestown
Baile Uí Fhoirtcheirn	Fortunestown
Baile Uí Rónáin	Ronanstown
Baile Uí Ruáin	Ballyroan
Bailtíní Áth na Coille	Woodford Villas
Bailtíní Beaufort	Beaufort Villas
Bailtíní Bhaile an tSionnaigh	Foxborough Villas
Bailtíní Bhaile an Úlloird	Orchardstown Villas
Bailtíní Bolbrook	Bolbrook Villas
Bailtíní Choill na Silíní	Cherrywood Villas
Bailtíní Gheata na Mainistreach	Monastery Gate Villas
Bailtíní Ghleanntán na Gréine	Sundale Villas
Bailtíní Mhaolrosa	Melrose Villas
Bailtíní na Life	Liffey Villas
Bailtíní na Spideoige	Robin Villas
Bailtíní Phlásóg an Bhaile	Homelawn Villas
Bailtíní Shruthán Liam	Willbrook Villas
Bailtíní Thaobh an Ghleanna	Glenside Villas
